GCSE

Sonraíocht GCSE CCEA

Staidéar ar Reiligiún

Cúrsa Iomlán agus Gearrchúrsa

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2018
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019
Cód Ábhair 4610

Clár Ábhair

Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair,den tSonraíocht.

3 Inneachar Ábhair

3.5 Aonad 5: An Chríostaíocht trí Staidéar a dhéanamh ar Shoiscéal Mharcais 20
3.6 Aonad 6: Tús Eolais ar Eitic Chríostaí 23

Cód Ábhair	4610
QAN (Cúrsa Iomlán)	603/1248/8
QAN (Gearrchúrsa)	603/1249/X

Foilseachán CCEA © 2017

Tá an tsonraíocht seo ar fáil ar líne ag www.ccea.org.uk

3 Inneachar Ábhair

Níl sa chaibidil seo ach na haonaid ábhartha a iarradh le haistriú. Tugtar anseo thíos an t-inneachar atá i ngach aonad agus na torthaí foghlama a bhaineann leo.

3.5 Aonad 5: An Chríostaíocht trí Staidéar a dhéanamh ar Shoiscéal Mharcais

Tugann an t-aonad seo tús eolais do na daltaí ar chúig théama i saol agus i ministreacht Íosa, mar a léirítear iad i Soiscéal Mharcais.

Sa staidéar s'acu, cuireann daltaí feabhas ar a n-eolas agus ar a dtuiscint ar shleachta ríthábhachtacha, agus ar a gcumas iad a luacháil. Ba chóir plé leis na sleachta seo ar dhá dhóigh: taobh istigh de chomhthéacs reiligiúnach, polaitiúil, sóisialta agus cultúrtha le linn am Íosa; agus i téarmaí an dóigh a dtéann siad i bhfeidhm ar stíleanna beatha na gCríostaithe sa lá atá inniu ann, stíleanna beatha atá thar a bheith éagsúil.

Inneachar	**Torthaí Foghlama**
Féiniúlacht Íosa	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann eolas agus tuiscint a léiriú ar agus luacháil chriticiúil a dhéanamh ar: • sainbhrí agus suntasacht fhéiniúlacht Íosa, dá dheisceabail agus do Chríostaithe inniu araon, trí staidéar a dhéanamh ar eachtraí ríthábhachtacha a bhaineann Lena theidil mar Mhac Dé, Meisias, Mac an Duine, Mac Dháiví agus Slánaitheoir: – ministreacht Eoin Baiste (Marcas 1: 1–13); – an stoirm a shuaimhniú (Marcas 4: 35–41); – Beathaíonn Íosa 5000 duine (Marcas 6: 30–44); – Fógra Pheadair faoi Íosa (Marcas 8: 27–33); – an Claochlú (Marcas 9: 2–13); – iarratas Shéamais agus Eoin (Marcas 10: 35–45); – Bartaiméas dall (Marcas 10: 46–52); agus – Teacht isteach Íosa in Iarúsailéim (Marcas 11: 1–11).

Inneachar	Torthaí Foghlama
Íosa an míorúilteoir	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann eolas agus tuiscint a léiriú ar agus luacháil chriticiúil a dhéanamh ar: • na míorúiltí a rinne Íosa, ag cur san áireamh a nádúr conspóideach agus a sainbhrí chomhaimseartha agus an tábhacht atá leo don fhírinne agus don fhinnéacht Chríostaí: – fear a raibh ainsprid ann (Marcas 1: 21–28); – leigheasann Íosa a lán daoine (Marcas 1: 29–34); – fear a bhfuil galar craicinn air a mbíonn eagla ar dhaoine roimhe (Marcas 1: 40–45); – fear a raibh pairilis air (Marcas 2: 1–12); – fear a raibh pairilis ar a lámh (Marcas 3: 1–6); – iníon Iáras (Marcas 5: 21–24, 35–43); – bean a bhfuil rith fola uirthi (Marcas 5: 25–34); – Iníon na Mná Sirifhéinící (Marcas 7: 24–30); agus – gasúr a raibh ainsprid ann (Marcas 9: 14–29); agus
Teagasc Íosa	• sainbhrí agus suntasacht theagasc Íosa ar Ríocht Dé agus ar an tSabóid i dtaca le luachanna agus tiomantais Chríostaí na linne seo: – teacht na Ríochta (Marcas 1: 14–15); – dearcadh Íosa i leith na Sabóide (Marcas 2: 23–28); – Parabal an tSíoladóra (Marcas 4: 1–20); – Parabal an Lampa ar Sheastán (Marcas 4: 21–23); – Parabail faoin tSíol ag Fás (Marcas 4: 26–29); – Parabal an tSíl Mustaird (Marcas 4: 30–32); – Íosa agus na páistí (Marcas 10: 13–16); – ag dul isteach sa Ríocht (Marcas 10: 17–31); agus – an Phríomhaithne (Marcas 12: 28–34).

Inneachar	Torthaí Foghlama
Bás agus aiséirí Íosa	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann eolas agus tuiscint a léiriú ar agus luacháil chriticiúil a dhéanamh ar: • sainbhrí agus suntasacht bhás agus aiséirí Íosa don fhírinne agus don fhéiniúlacht Chríostaí: – téann Íosa chuig an teampall (Marcas 11: 15–19); – an chomhcheilg in éadan Íosa (Marcas 14: 1–2); – aontaíonn Iúdás ar Íosa a bhrath (Marcas 14: 10–11); – béile Cháisc na nGiúdach agus an Suipéar Deireanach (Marcas 14: 12–26); – déanann Íosa séanadh Pheadair a thuar (Marcas 14: 27–31); – na heachtraí i nGairdín Gheitséamainí (Marcas 14: 32–50); – Íosa os comhair Chomhairle na nGiúdach (Marcas 14: 53–65); – an triail Rómhánach agus fonóid (Marcas 15: 1–20); – Céasadh agus bás Íosa (Marcas 15: 21–41); – adhlacadh Íosa (Marcas 15: 42–47); agus – aiséirí Íosa (Marcas 16: 1–8); agus
Ról agus nádúr na deisceablachta Críostaí	• Machnamh a dhéanamh ar theagasc Íosa ar an deisceablacht i dtaca le sochaithe iolraíocha na linne seo agus i dtaca le saincheisteanna féiniúlachta, muintearais, sainbhrí, feidhm, fírinne, luachanna agus comhtháthú an phobail: – Glaonn Íosa ar A dheisceabail (Marcas 1: 16–20; 2: 13–17); – Roghnaíonn Íosa an Dáréag (Marcas 3: 13–19); – dúshlán na finnéachta (Marcas 6: 1–6); – misean an Dáréag (Marcas 6: 7–13); – an costas a bhaineann le bheith ina dheisceabal (Marcas 8: 34–38); – ag déileáil leis an chathú (Marcas 9: 42–50); – an cheist faoi chánacha a íoc (Marcas 12: 13–17); – ofráil na baintrí (Marcas 12: 41–44); agus – brú na deisceablachta (Marcas 14: 66–72).

3.6 Aonad 6: Tús Eolais ar Eitic Chríostaí

Tugann an t-aonad seo tús eolais do dhaltaí ar eitic i staidéar ar reiligiún. Fiosraíonn daltaí saincheisteanna pearsanta agus teaghlaigh, ceisteanna báis agus beatha, forbairtí i mbitheitic, saincheisteanna na linne seo sa Chríostaíocht agus cogaíocht sa lá atá inniu ann.

Inneachar	**Torthaí Foghlama**
Saincheisteanna Pearsanta agus Teaghlaigh	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann eolas agus tuiscint a léiriú ar agus luacháil chriticiúil a dhéanamh ar: • dearcthaí Críostaí ar shainbhrí agus ar fheidhm na gcaidreamh gnéis, ag cur éagsúlacht na seasamh eiticiúil sa Chríostaíocht san áireamh, ar a n-áirítear ról agus tábhacht na haontumha; • dearcthaí i leith caidrimh chomhghnéis, agus réimse na ndearcthaí Críostaí á gcur san áireamh; • teagasc Críostaí ar thairbhí agus ar dhúshláin an phósta agus an cholscartha, ag cur éagsúlacht na seasamh eiticiúil sa Chríostaíocht san áireamh; • cineálacha éagsúla de theaghlaigh agus tábhacht an aonaid teaghlaigh sa tsochaí; • roghanna eile ar phósadh, ar a n-áirítear páirtnéireachtaí sibhialta agus comhchónaí (aontíos céileachais); ***Téacsanna molta:*** *Geineasas 2: 24; Eacsadas 20: 14;* Matha *19: 7–9; Marcas 10: 9; I Corantaigh 7: 10–11; Eifeasaigh 5: 25–33; Eifeasaigh 6: 1–4*
Ceisteanna Beatha agus Báis	• an díospóireacht faoin ghinmhilleadh, agus dearcthaí sóisialta, polaitiúla, bíobalta, na hEaglaise agus eiticiúla eile á gcur san áireamh • na dearcthaí atá ag grúpaí ar son na beatha agus ar son na rogha, stádas an tsutha, naofacht na beatha agus roghanna eile ar an ghinmhilleadh; • an díospóireacht maidir le heotanáis, agus dearcthaí sóisialta, polaitiúla, bíobalta, na hEaglaise agus eiticiúla eile á gcur san áireamh agus an difriocht idir na cineálacha eagsúla eotanáise (éighníomhach agus gníomhach, deonach agus neamhdheonach); agus • an méid a dhéanann gluaiseacht na hOspíse.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Ceisteanna Beatha agus Báis (ar lean.) **Forbairtí i mbitheitic**	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann eolas agus tuiscint a léiriú ar agus luacháil chriticiúil a dhéanamh ar: • an díospóireacht faoi phionós an bháis, agus dearcthaí sóisialta, polaitiúla, bíobalta, na hEaglaise agus eiticiúla eile á gcur san áireamh; • aidhmeanna an phionóis, ar a n-áirítear díspreagadh, cosaint, leasú, glanadh ó choir agus cúiteamh; • saincheisteanna maidir leis an aithrí, an maithiúnas, an ceartas agus an ceartas aisiríoch; ***Téacsanna molta:*** *Geineasas 1: 27; Geineasas 9: 6; Eacsadas 20: 13; Eacsadas 21: 24; Salm 139: 13–16(a); Irimia 1: 5; Matha 5: 38–42; Lúcás 1: 39–44; Rómhánaigh 13: 1* • nádúr na neamhthorthúlachta daonna agus na doigheanna lena sárú; • an ról atá ag cóireáil toirchithe in vitro le neamhthorthúlacht dhaonna a shárú agus na saincheisteanna atá ann mar gheall ar an chóireáil seo; • stádas an tsutha, agus na fadhbanna morálta a bhaineann le suthanna a scriostar agus le turgnamhaíocht ar shuthanna; • na saincheisteanna a bhaineann le máthairionadaíocht dhaonna; • an ról atá ag an *Human Fertilisation and Embryology Authority* le forbairtí i mbitheitic a rialú; agus • teagasc bíobalta agus na hEaglaise atá ábhartha do theicneolaíochtaí nua atáirgthe. ***Téacsanna molta:*** *Eacsadas 20: 13; Salm 139: 13–16(a); Irimia 1: 5; Samúéil 1: 9–18*

Inneachar	Torthaí Foghlama
Saincheisteanna na linne sa Chríostaíocht	Ba cheart do dhaltaí a bheith in ann eolas agus tuiscint a léiriú ar agus luacháil chriticiúil a dhéanamh ar: • cúiseanna agus cineálacha na claontachta agus an leithcheala, ar a n-áirítear cine, reiligiún, inscne agus míchumas; • tuairimí bíobalta agus na hEaglaise ar an chlaontacht agus ar an leithcheal; • teagasc bíobalta maidir le freagracht i leith daoine atá ar an ghannchuid; • na cúiseanna leis an bhochtaineacht ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda agus a saintréithe agus an difriocht idir an dearbh-bhochtaineacht agus an bhochtaineacht choibhneasta; • obair eagraíochta **amháin** le dul i ngleic leis an bhochtaineacht agus leis an éagóir, mar shampla *Christian Aid*, Naomh Uinseann de Pól, Arm an tSlánaithe (*Salvation Army*) nó Trócaire; • dóigheanna ar féidir le daoine aonair agus pobail freagairt ar chóirthrádáil agus ar fheachtais ar son na córa agus tacaíocht a thabhairt dóibh seo; ***Téacsanna molta:*** *Geineasas 1: 27; Ámós 5: 24; Matha 6: 1–4; Matha 7: 12; Matha 22: 39; Matha 25: 31–46; Lúcás 10: 25–37; Galátaigh 3: 28*
Cogaíocht sa lá atá inniu ann	• na cúiseanna le cogadh, agus traidisiún an Chogaidh Chóir sa Chríostíocht agus a ábharthacht leanúnach sa lá atá inniu ann; • eitic na cogaíochta sa lá atá inniu ann, ar a n-áirítear úsáid na n-arm ollscriosta, agus moráltacht na hiombhagartha núicléiche; • an díospóireacht faoin chostas dhaonna agus faoin chostas don gheilleagar mar gheall ar chogadh, agus faoi íospartaigh chogaidh, ar a n-áirítear dídeanaí, saighdiúirí linbh agus sibhialtaigh neamhurchóideacha; agus • an díospóireacht faoin tsíocháineachas, ag cur dearcthaí difriúla reiligiúnacha agus eiticiúla san áireamh. ***Téacsanna molta:*** *Ecclesiastes 3: 1, 3, 8; Matha 5: 9; Matha 5: 38–39; Matha 26: 52*